AN GARDA SÍOCHÁNA

# Plean Póilíneachta Rannach DMR Thiar 2023

**"Keeping People Safe"**

"Ag Coinneáil Daoine Sábháilte"

## Réamhrá ón Oifigeach Rannach



Tá an-áthas orm Plean Póilíneachta 2023 a chur i láthair don DMR Thiar.

Leagtar amach inár bPlean Póilíneachta 2023 na tosaíochtaí straitéiseacha a bhaineann le comhpháirtíochtaí pobail a neartú, Cur isteach ar choireacht, coireacht a chosc agus a bhrath, tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh na coireachta agus slándáil leanúnach ár stáit a chinntiú.

Bainfidh íospartaigh na coireachta tairbhe as faisnéis choisc agus chosanta, agus as seirbhísí tacaíochta ó Sheirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh an Gharda Síochána, lena n-áirítear atreorú chuig gníomhaireachtaí tacaíochta tiomnaithe seachtracha d'íospartaigh. Leanfaimid orainn ag tacú agus ag forbairt na Foirne Comhordúcháin maidir le Drochíde sa Teaghlach (DACT). Tá an clár DACT deartha chun uasoiliúint a chur ar Ghardaí túslíne chun cur ar a gcumas freagairt go héifeachtach agus go cuí dóibh siúd a bhíonn thíos le drochíde sa teaghlach/rialú comhéigneach.

Leanfaimid orainn ag obair lena chinntiú go mothaíonn gach duine inár bpobal fáilte rompu, agus go bhfuil siad sábháilte ó aon chineál idirdhealaithe nó aon chineál eile mí-úsáide.

Cé go gcuirfidh 2023 a dhúshláin féin i láthair don Gharda Síochána, táim tiomanta do sheirbhís ghairmiúil agus chomhbhách a chinntiú don phobal a bhfuil sé mar onóir againn freastal uirthi.

**Finbarr Murphy**

**Ard-Cheannfort**

## Conas teagmháil a dhéanamh le do Rannán – Glaoigh ar 999 nó 112 i gcás éigeandála i gcónaí



| Ceannfoirt, agus teagmháil oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Teileafón |
|---|---|---|---|
| **Peter Burke Ceannphort Ceantar K.** | Baile Bhlainséir | 24 Uair | 01-6667000 |
| | Fionnghlas | 24 Uair | 01-6667500 |
| | An Chabrach | 7am – 9pm Luan - Domhnach | 01 -6667400 |
| **Steven Mullen Ceannfort Ceantar L** | Cluain Dolcáin | 24 Uair | 01-6667600 |
| | Baile Formaid | 24 Uair | 01-6667200 |
| | Ráth Cúil | 8am – 4pm Luan - Aoine | 01-6667900 |
| **Paul Dolan Ceannfort Ceantar Q** | Leamhcán | 24 Uair | 01-6667300 |
| | Baile Uí Rónáin | 24 Uair | 01-6667700 |
| Tá eolas maidir le **hoifigigh éagsúlachta** an Rannáin le fáil anseo ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána. | | | |
| Tá eolas maidir le hoifigigh **Coiscthe Coireachta** an Rannáin a fháil anseo ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána. | | | |
| Tá eolas maidir le cigirí **um Imeaglú bainteach le drugaí** an Rannáin a fháil anseo ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána. | | | |

# 1. Pobal

Leanúint ar aghaidh le naisc le pobail a neartú agus ag obair i gcomhpháirt chun daoine a choinneáil sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Rannacha |
|---|---|
| 1.1 Obair i gcomhpháirt, tríd an gCreat Póilíneachta Pobail, réitigh inbhuanaithe a fhorbairt chun déileáil le hábhair atá ag déanamh imní don phobal | Trí chomhpháirtíocht agus trí rannpháirtíocht laistigh dá Cheantar Póilíneachta Pobail, méadófar muinín sa Gharda Síochána. |
| 1.2 Seirbhís phóilíneachta a sholáthar a thugann aitheantas do na daoine éagsúla a bhfuilimid ag freastal orthu | Rannpháirtíocht oscailte le grúpaí éagsúla agus leochaileacha a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní trí rannpháirtíocht rialta. Tacófar lenár gcuid oibre trí oiliúint feasachta éagsúlachta agus trí chomhairle maidir le coireacht a chosc atá curtha in oiriúint do riachtanais phobail agus ghnó. |
| 1.3 Oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile chun cosc a chur ar an díobháil a eascraíonn as mangaireacht drugaí i bpobail | Cur isteach ar líonraí gáinneála ar dhrugaí agus iad a bhriseadh suas. Tacaíochtaí do dhaoine atá ag fulaingt imeaglú a bhaineann le drugaí. Teagmháil mhéadaithe le páirtithe leasmhara pobail in oideachas, feasacht agus tacaíochtaí. |

## 1. Gnáthobair leis an bPobal

| Obair | Modh |
|---|---|
| Ag obair leis an bPobal áitiúil agus lenár bPáirtithe Leasmhara. Leanúint lenár rannpháirtíocht trí chruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta. |  |
| Díriú ar iompar frithshóisialta |  |
| Oiliúint Póilíneachta Pobail agus Úsáid Chúltaca an Gharda Síochána |  |
| Tacú le mionlaigh eitneacha, Grúpaí Éagsúlachta agus éisteacht lena n-ábhair imní. |  |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Leanúint ar aghaidh ag tacú le híospartaigh uile na coireachta. Rannpháirtíocht oscailte le grúpaí éagsúla agus leochaileacha a chur chun cinn. |  |
| Cainteanna oideachais drugaí Meánscoileanna/grúpa óige a sheachadadh. |  |
| Teagmháil le Grúpaí Óige agus leanúint lenár gclár idirbhliana |  |
| Idirghabhálacha chun Daoine Aonair a Chosaint ó Imeaglú a bhaineann le Drugaí |  |

# Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach

A bheith ag súil le coireacht agus déileáil lena leithéid ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus atá ag teacht chun cinn, úsáid a bhaint as cuir chuige phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Rannacha |
| --- | --- |
| 2.1 Freagairtí réamhghníomhacha, bunaithe ar fhaisnéis a sholáthar chun dul i ngleic le coireacht ardmhinicíochta ionas gur féidir déileáil le treochtaí atá le tabhairt faoi deara faoi láthair agus treochtaí a bheidh le tabhairt faoi deara amach anseo | Trínár bpatróil ardfheictheachta, ár n-oibríochtaí spriocdhírithe, ár gcomhairle maidir le coireacht a chosc, agus ár laethanta gníomhaíochta lorgóimid laghdú ar theagmhais choireachta ar fud an Rannáin. |
| 2.2 Leanúint ar aghaidh lenár n-acmhainn déileáil le calaois agus le coireanna cibearchumasaithe a fheabhsú | Trí chumarsáid leanúnach leis an bpobal treiseoimid feasacht ar na cineálacha nua calaoise atá ag teacht chun cinn chun leibhéil cibearchoireachta a laghdú. Dul i dteagmháil leis an bpobal áitiúil chun tacaíochtaí a thairiscint maidir le calaois agus cibearchoireacht agus comhairle a chur ar fáil maidir le coireacht a chosc. |
| 2.3 Cur isteach, ar bhealach réamhghníomhach, ar Choireacht Eagraithe agus ar Thromchoireacht i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta | Coireacht a bhaineann le grúpaí coireachta eagraithe a laghdú trí Fhaisnéis a úsáid chun díriú ar ghníomhaíochtaí grúpaí coireachta eagraithe. |

## 2. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair | Modh |
| --- | --- |
| Patrúin Ard-Infheictheachta | |
| Feasacht a mhéadú sa phobal maidir le calaois nua agus coireanna cibear-chumasaithe atá ag teacht chun cinn . | |

**Príomhtháscaire**

Sásamh méadaithe leis an nGarda Síochána sa phobal

| Obair | Modh |
| --- | --- |
| Oiliúint a chur ar ár bpearsanra | |
| Teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara | |

**Príomhtháscaire**

Aiseolas dearfach ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal

## 3. Íospartaigh & Daoine Leochaileacha

Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna na n-íospartach agus gach duine leochaileach atá ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána a chur chun cinn agus a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Rannacha |
|---|---|
| 3.1 A chinntiú go bhfaigheann gach íospartach atá ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána an tseirbhís agus na tacaíochtaí cuí agus go leagtar béim ar leith ar fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe | Trí oiliúint leanúnach a chur ar ár mbaill i seirbhísí cosanta, déanfar teagmháil le híospartaigh agus tacófar leo. Méadóidh oibríochtaí spriocdhírithe muinín i gcoireanna a thuairisciú go háirithe coireanna baile, gnéis agus inscnebhunaithe. |
| 3.2 Córas de thomhas bunaithe ar thorthaí le haghaidh gach cineál coireachta a leabú, sa bhreis ar ghnáth-thuairisciú staitistiúil coireachta | Dul i mbun meastóireacht níos mionsonraithe ar thorthaí imscrúdaithe a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta d'fhonn tacú le feabhas a chur ar bheartas, ar chleachtas agus ar thacaíocht a chuirtear ar fáil d'íospartaigh. |
| 3.3 Leanúint ar aghaidh ag tacú le agus ag forfheidhmiú iompar freagrach ar ár mbóithre trí bheith ag obair i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Trí thacú le hoibríochtaí póilíneachta bóithre réigiúnacha trí limistéir ardriosca a shainaithint agus díriú orthu le haghaidh laghdú feabhsaithe ar imbhuailtí tráchta ar bhóithre. |

## 2. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Oifig Seirbhíse d'Íospartaigh |  |
| Sainoiliúint maidir le hÍospartaigh Leochaileacha |  |
| **Príomhtháscaire** | |
| Muinín íospartach as coireacht a thuairisciú | |
| Rátaí Glaoigh ar Ais méadaithe | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Oideachas Sábháilteachta ar Bhóithre |  |
| Oibríochtaí Spriocdhírithe |  |
| **Príomhtháscaire** | |
| Laghdú ar thimpistí bóthair | |
| Rátaí sástachta feabhsaithe i dtuarascálacha an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail | |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus pobal an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí dá leasanna ríthábhachtacha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Rannacha |
|---|---|
| 4.1 Cur i bhfeidhm leanúnach Phlean Forbartha na Seirbhíse Slándála atá mar bhonn le slándáil agus acmhainn faisnéise an Gharda Síochána a neartú | Leanúint ar aghaidh, i gcomhar le Slándáil agus Faisnéis agus Aonaid Náisiúnta, le Slándáil ár Stáit a chinntiú. |
| 4.2 Ullmhacht do mhóréigeandálaí a chinntiú trí oiliúint, forbairt feasachta leanúnach in An Garda Síochána agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Bainistíochta Móréigeandála | Chun slándáil na gcuairteoirí chuig an Rannán a chinntiú trí oibríochtaí faoi stiúir faisnéise. Trí chleachtaí Bainistíochta Móréigeandála a dhéanamh de réir mar is cuí tá an Rannán fós ullmhaithe i gcás bagartha. |
| 4.3 Oibríochtaí bunaithe ar fhaisnéis a dhéanamh, oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun sceimhlitheoireacht agus gníomhaíochtaí gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus cur isteach orthu | Leanúint ar aghaidh lenár gcaidreamh le gníomhaireachtaí inmheánacha maidir le faisnéis a choinneáil.<br>Freagair go héifeachtach d'fhaisnéis maidir le bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann. |

## 5. Athrú & Nuálaíocht Inbhuanaithe

Tacú le cultúr d'fheabhas leanúnach agus a leithéid de chultúr a spreagadh, nuálaíocht agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Rannacha |
|---|---|
| 5.1 Acmhainn agus Cumas Athraithe in An Garda Síochána a fheabhsú tríd an bplean forbartha acmhainne Bainistíochta Athraithe a chur i bhfeidhm. | Leanúint ar aghaidh ag úsáid ár líonra Seaimpíní um Chearta an Duine chun tacú leis an Rannán agus muid ag dul trí athrú dearfach. Fóram áitiúil éagsúlachta a bhunú chun cumarsáid a fheabhsú agus chun tacú lenár bpobail. |
| 5.2 Forbairt a dhéanamh ag féachaint do thodhchaí an Gharda Síochána, éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a neartú agus ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh, bunaithe ar fhís an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn | Dul i mbun córais agus struchtúir éagsúla a chur i bhfeidhm chun maoirseacht, riarachán agus comhoibriú le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus grúpaí pobail a fheabhsú. |
| 5.3 Cur leis na cleachtais inbhuanaithe atá bunaithe in An Garda Síochána cheana féin trí Phlean Inbhuanaitheachta Comhshaoil an Gharda Síochána a bheidh ailínithe le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais | Chun tacú le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, beidh tabhairt isteach feithiclí leictreacha ar siúl i gcónaí, leanann iarrachtaí le córais a aithint chun ár rannchuidiú le straitéis chomhshaoil an Gharda Síochána a fheabhsú tuilleadh agus a chur chun cinn. |

## Cumasóir 1: Comhpháirtíochtaí

Glacann An Garda Síochána leis go mbaineann tábhacht le feidhmiú mar eagraíocht atá dírithe ar dhaoine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Rannacha |
|---|---|
| E1.1 Cur lenár gcumas tacaíochtaí oiriúnacha Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, chun cur ar chumas ár bpearsanra a ról a chur i gcrích go héifeachtach | Trí riachtanais oiliúna ár bpearsanra a aithint agus an oiliúint seo a dhaingniú cinntímid leanúnachas seirbhíse ardchaighdeáin don phobal. |
| E1.2 Tuilleadh tacaíochta a thabhairt dár bpearsanra trí thionscnaimh sláinte agus folláine a chur i bhfeidhm atá ailínithe le prionsabail na Straitéise Sláinte agus Folláine | Tacú lenár bpearsanra trí líonraí tacaíochta cuí, Tacaíocht Piaraí, Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe, Comhairleoireacht a chur ar fáil. Trí riachtanais oiliúna ár bpearsanra a aithint agus an oiliúint seo a dhaingniú cinntímid leanúnachas seirbhíse ardchaighdeáin don phobal. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Páirt a ghlacadh in agus tacú le comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha chun leanúint ar aghaidh lenár n-eolas, seirbhís agus éifeachtacht a neartú ar bhonn leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Rannacha |
|---|---|
| E2.1 Leanúint ar aghaidh ag obair le comhpháirtithe chun ár gcur chuige ildisciplíneach a fheabhsú | Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú ár gcomhoibrithe le páirtithe leasmhara pobail chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna áitiúla agus iad a réiteach. |
| E2.2 Scrúdú agus forbairt a dhéanamh ar dheiseanna comhoibriú le speisialtóirí, ollscoileanna, moil taighde agus ceannairí smaointeoireachta inmheánacha agus seachtracha | Deiseanna a lorg chun comhoibriú le hinstitiúidí agus ceannairí pobail chun réitigh inbhuanaithe a fhorbairt. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhéthreo a fhorbairt trí chainéil nua agus cainéil atá bunaithe cheana féin.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Rannacha |
|---|---|
| E3.1 Rannpháirtíocht dhéthreo le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla a neartú, éisteacht le agus riachtanais ár bpobal a thuiscint. | Leanúint ar aghaidh ag cothú caidrimh lenár bpáirtithe leasmhara trí rannpháirtíocht oscailte, JPCanna agus cruinnithe pobail áitiúla. |
| E3.2 Torthaí Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána a thuiscint agus freagairt dó | A chinntiú go dtacaítear le pearsanra an Gharda Síochána ina róil agus tiomantas i seirbhís don phobal a chothú ag an am céanna. |

## Cumasóir 4: Cumhachtú & Iontaoibh

Tacú le cultúr de chumhachtú agus iontaoibh, atá fréamhaithe in ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Rannacha |
|---|---|
| E4.1 Tacú le hiompar gairmiúil agus a leithéid a neartú i measc phearsanra an Gharda Síochána, agus cultúr de chumhachtú agus d'iontaoibh a chothú. | Trí chinntiú go n-infheisteoimid inár ndaoine chun an oiliúint agus na huirlisí riachtanacha a theastaíonn chun an leibhéal seirbhíse is airde a bhfuiltear ag súil leis a chur ar fáil dár bpobail. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagrúcháin an Gharda Síochána a Rolladh Amach | Leanúint lenár rolladh amach den tSamhail Oibriúcháin chun gach próiseas le haghaidh maoirseachta agus cuntasachta feabhsaithe a lárú. |

## Cumasóir 5: Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis

Seirbhís atá bunaithe ar fhaisnéis a fhorbairt, úsáid a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht chun tacú le héifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Rannacha |
|---|---|
| E5.1 Póilíneacht bunaithe ar fhaisnéis a fheabhsú trí Threochlár TFC 2023 a chur i bhfeidhm, ár bhFís Sonraí agus Teicneolaíochta a fhorbairt | Glacadh le hiarratais nua a thabhairt isteach chun a chinntiú go ndéantar sonraí a chur in iúl agus a úsáid go héifeachtach. |
| E5.2 Comhsheasmhacht ár sonraí a fheabhsú tríd an bpróiseas cáilíochta sonraí a oibríochtú, a bheidh bailíochtaithe ag athbhreithniú seachtrach | Tionscnaimh eagraíochtúla a chur chun feidhme chun comhsheasmhacht, cáilíocht agus muinín i sonraí taifeadta a fheabhsú. |


## Tacaíocht Bhreise a Aimsiú

| Cineál Tacaíochta | Ainm | Láithreán Gréasáin | Ríomhphost | Teileafón |
|---|---|---|---|---|
| Tacaíocht d'Íospartaigh | Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta | www.crimevictimshelpline.ie | info@crimevictimshelpline.ie | 116006<br>1850 211407 |
| | AdVIC (Tacadóirí d'Íospartaigh Dúnbhásaithe) | www.advic.ie | info@advic.ie | 086 1272156 |
| | Cúnamh d'Fhir | www.mensaid.ie | hello@mensaid.ie | 046 9023718<br>01 5543811 |
| | Barnardos | www.barnardos.ie | info@barnardos.ie | 1850 222300<br>01 4530355 |
| | CARI | www.cari.ie | helpline@cari.ie | 1890 924567<br>01 8308529 |
| | Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath | www.drcc.ie | | 1800 77 88 88<br>01 6614911 |
| | Federation for Victim Assistance | www.victimassistanceireland.com | | 066 7119830 |
| | Seirbhís Cúnaimh do Thurasóirí in Éirinn (ITAS) | www.itas.ie | | 1890 365700<br>01 6610562 |
| | Seirbhísí Tacaíochta Daoine ar Iarraidh in Éirinn (MISS) | www.missingpersons.ie | | 1890 442 552 |
| | One in Four | www.oneinfour.ie | | 01 6624070 |
| | Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann (RCNI) | www.rcni.ie | | 1800 778888<br>091 563676 |
| | Tacaíocht i nDiaidh Dúnbhásaithe | www.supportafterhomicide.ie | | 087 9837322 |
| | Tacaíocht d'Íospartaigh na hÉireann | | | 087 9837322 |
| | Líne Chabhrach Náisiúnta Chúnamh do Mhná | www.womensaid.ie | | 085 1893697 |

# Aguisín: Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail (PAS)

| Cuspóirí Straitéiseacha | Bearta |
|---|---|
| **Pobal** - Leanúint ar aghaidh ag **neartú nasc** le pobail, **ag obair i gcomhpháirtíocht** chun daoine a choinneáil sábháilte | • Cion na bhfreagróirí a thuairiscíonn sástacht le Seirbhís áitiúil an Gharda Síochána.<br>• Cion na bhfreagróirí a bhraitheann nach ndéileálann an Garda Síochána le rudaí atá tábhachtach sa phobal.<br>• Cion na bhfreagróirí a luann go gcaitheann Gardaí sa cheantar le gach duine go cothrom beag beann ar cé hiad féin.<br>• Cion na bhfreagróirí a thuairiscíonn go néisteann an Garda Síochána le hábhair imní na ndaoine áitiúla.<br>• Cion na bhfreagróirí a luann go gcaitheann na Gardaí leat le meas dá mbeadh teagmháil agat leo ar chúis ar bith.<br>• Cion na bhfreagróirí a bhraitheann go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal. |
| **Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach** - **A bheith ag súil** le coireacht agus déileáil lena leithéid ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus atá **ag teacht chun cinn**, úsáid a bhaint as cuir chuige phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis | • Cion na bhfreagróirí a bhraitheann gur fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach í an choireacht go háitiúil.<br>• Cion na bhfreagróirí a bhfuil imní orthu nó go mbeidh siad féin nó aon duine a chónaíonn leo ina n-íospartach cibearchoireachta.<br>• Cion na bhfreagróirí a bhfuil eagla orthu faoi leibhéal na coireachta i gcoitinne.<br>• Cion na bhfreagróirí nach bhfuil aon tionchar ag imní faoi choireacht ar cháilíocht a mbeatha.<br>• Cion na bhfreagróirí atá ar an eolas faoi phatróil an Gharda Síochána.<br>• Cion na bhfreagróirí a dúirt go raibh siad ina n-íospartach den chineál céanna coireachta níos mó ná uair amháin le 12 mhí anuas.<br>• Cion na bhfreagróirí a luann go ndíríonn an Garda Síochána ar chearta an duine.<br>• Cion na bhfreagróirí a mheasann go bhfuil an Garda Síochána éifeachtach maidir le dul i ngleic leis an gcoireacht.<br>• Cion na bhfreagróirí a bhraitheann go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil ceart go leor.<br>• Cion na bhfreagróirí a luann gur féidir braith ar na Gardaí i mo cheantar nó go bhfuil siad ann nuair a theastaíonn siad uait. |
| **Íospartaigh & Daoine Leochaileacha** - Díobháil a laghdú trí dhínit agus **Cearta an Duine** íospartach agus gach duine leochaileach atá i mbun idirghníomhaíochta le An Garda Síochána **a chosaint agus a chur chun cinn** | • Cion na n-íospartach atá sásta go leor nó an-sásta leis an gcaoi ar láimhseáil an Garda Síochána a gcás.<br>• Cion na n-íospartach a thuairiscigh an choir is déanaí a tharla dóibh.<br>• Céatadán na bhfreagróirí a luaigh gur fhreagair Gardaí go tapa nuair a tuairiscíodh an eachtra den chéad uair maidir leis an teagmhas is déanaí.<br>• Cion na bhfreagróirí a dúirt go ndeachaigh an Garda Síochána i dteagmháil leo tar éis gur tuairiscíodh a dteagmhas is déanaí. |
| **Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht** - Tacú le cultúr **d'fheabhas leanúnach** agus a leithéid de chultúr a spreagadh, **nuálaíocht** agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú. | • Cion na bhfreagróirí a bhraitheann go bhfuil an Garda Síochána nua-aimseartha agus forásach. |
| **Cumasóirí** -<br>**1. Daoine & Cuspóir**<br>**2. Comhpháirtíochtaí**<br>**3. Rannpháirtíocht**<br>**4. Cumhachtú & Iontaoibh**<br>**5. Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis** | • Cion na bhfreagróirí a luann go bhfuil an Garda Síochána dea-bhainistithe.<br>• Cion na bhfreagróirí a aontaíonn nó a aontaíonn go láidir go bhfuil an Garda Síochána ionadaíoch ar na pobail éagsúla a bhfreastalaíonn sé orthu.<br>• Cion na bhfreagróirí a thuairiscíonn go bhfuil muinín idir meán agus ard acu as an nGarda Síochána. |

## Banc Deilbhíní

| Ciall | Deilbhín |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú a mbíonn daoine i láthair go pearsanta |
|  | Teileafón |
|  | Ríomhphost |
|  | Post |
|  | Raidió |
|  | Teilifís |
|  | Trí na meáin shóisialta |
|  | Feachtais sna Meáin |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Gardaí i láthair go pearsanta |
|  | Gardaí i nGnáthéadaí |
|  | CCTV |
|  | De shiúl na gcos |
|  | Ar rothar |
|  | Le Carranna |
|  | Le Gluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |

